

Léamhthuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 1 *Beidh tú ag léamh téacs gairid ar ball faoin mbaghat mar mhodh agóide.*

10 / marc

Léigh an cheist thíos. Anois tá 5 nóiméad agat leis an téacs a léamh agus an cheist a fhreagairt.

Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar ábhar an ailt seo? Cuir tic leis an ráiteas is fearr a oireann.

1. Léiriú ar an mbealach ar thosaigh straitéis an bhagcait.
2. Léiriú ar cé chomh casta is atá straitéis an bhagcait sa lá atá inniu ann.
3. Léiriú ar cé chomh míchothrom is atá an baghcat mar straitéis.
4. Léiriú ar cé chomh mí-éifeachtach is atá an baghcat sa lá atá inniu ann.

Léamhthuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 2

Léigh an cheist thíos. Anois, tá **15 nóiméad** agat leis an téacs a léamh agus an cheist a fhreagairt.

16 / marc

Cén chuid den téacs (A- H) ina bhfuil an t-eolas seo a leanas (1 – 8) le fáil?

Níl ach freagra amháin fíor i ngach cás.

D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná píosa amháin eolais le fáil in aon chuid den téacs.

Scríobh an litir cheart (A-H) sna spásanna thíos.

1. Tá dreamanna ann ar deacair baghcat éifeachtach a dhéanamh orthu. _____
2. Féadann baghcat a bheith éagórach mura n-aimsíonn sé an sprioc cheart. _____
3. Féadann baghcat dul chun sochair an dreama a bhfuil an feachtas ina gcoinne. _____
4. Tá stair fhada ag baint leis an modh agóide seo. _____
5. Ní éiríonn le feachtais a bhíonn ag brath ar thomhaltóirí a náiriú. _____
6. Cabhraíonn baghcat le pobail nach bhfuil mórán cumhachta acu féin. _____
7. Deis mhaith phoiblíochta is ea feachtas baghcait. _____
8. Féadann baghcat a chuid cuspóirí a bhaint amach i mbeagán ama. _____

Ceist 1 agus Ceist 2 (Téacs)

A

I gContae Mhaigh Eo, in aimsir Chogadh na Talún, a thosaigh sé. Dhiúltaigh an Captaen Charles Boycott cíos a chuid tionóntaí a laghdú. Fiú amháin gur chuir sé an ruaig ar roinnt tionóntaí amach as a eastát fairsing. Dhíol sé go daor as an méid sin nuair a dhiúltaigh bunadh na háite lá oibre a dhéanamh dó ná fiú amháin beannú dó sa tsráid. Mairfidh a ainm go síoraí – thug sé a ainm d’fheachtas ar bith ina ndéantar duine, stát nó comhlacht a aonrú go dtí go n-éireoidh siad as pé iompar a thug scannal do dhaoine an chéad lá riamh. Uirlis chumhachtach is ea an baghcat, ach an é an uirlis is oiriúnaí é don 21ú haois seo?

B

Iad siúd a bhfuil muinín acu sa straitéis seo, luann siad deireadh chóras cindeighilte na hAfraice Theas mar eiseamláir den mhéid is féidir a bhaint amach. Bhí saoránaigh na tíre sin chomh mór sin faoi smacht an airm agus na bpéas, agus bhí an chinsireacht chomh dian sin, gur dheacair dóibh dúshlán na cindeighilte a thabhairt. Ba dá bharr sin a eagraíodh baghcat idirnáisiúnta ar earraí ón Afraic Theas, agus cé a shéanfadh nár lagaigh sé an córas mídhaonna, mídhaonlathach sin go mór?

C

Ní stáit amháin a ndéantar baghcat orthu. Coinníonn grúpaí sainleasa súil ghéar ar chuideachtaí ilnáisiúnta chomh maith. Má fhaightear ciontach iad i míghníomh, moltar do thomhaltóirí gan a gcuid earraí ná a gcuid seirbhísí a cheannach. Sampla a luaitear go minic ná feachtas gearr a ritheadh i gcoinne na cuideachta ola Shell sa bhliain 1995, tráth a bhí siad chun ardán druileála ola a chur go grinneall an Atlantaigh seachas é a bhaint as a chéile agus a dhiúscairt go sábháilte ar thalamh tirim. Níorbh fhada do Shell teacht ar mhalairt chomhairle i ndiaidh do Greenpeace baghcat a fhógairt agus ní deacair a dhéanamh amach cén fáth – tháinig laghdú 70% ar dhíolacháin i dtíortha áirithe le linn fheachtas Greenpeace. Tá cumhacht sa sparán, is cosúil.

D

Ná dearmadaimis, áfach, cé chomh domhain is atá pócaí cuideachtaí mar Nestlé, ceann d’ollchuideachtaí bia an domhain. Tá brúgrúpaí ar nós *Baby Milk Action* (BMA) ag tathant ar dhaoine gan earraí Nestlé a cheannach mar gheall ar an dochar a mhaíonn siad atá á dhéanamh ag Nestlé i dtíortha atá i mbéal forbartha. Cuireann siad i leith Nestlé go mbíonn siad ag ‘brú’ bainne púdair ar mháithreacha nach bhfuil ar a n-acmhainn é a cheannach. Tá an BMA i mbun feachtais le cúig bliana is fiche, ach is beag atá ar a shon sin acu. Ní gan dua a thabharfadh an duine is díograisí féin cúl do Nestlé agus dá réimse mór táirgí; bheadh ort liosta a thabhairt leat chun an ollmhargaidh.

E

An féidir go mbaineann liobrálach slat a sciúrsála féin nuair a théann siad i muinín an bhaghcait? Sa bhliain 2009, scríobh fear gnó darb ainm John Mackey alt ina ndearna sé cáineadh binibeach ar mholtaí an Uachtaráin Obama maidir le leasú an chórais sláinte i Stáit Aontaithe Mheiriceá. B’in an t-alt a chuir an lasair sa bharrach, mar ní ‘duine mar chách’ é Mackey, ach Príomhfheidhmeannach mórchuideachta siopaí bia, *Whole Food Market* (WFM). D’fhógair grúpaí liobrálacha baghcat ar shiopaí WFM ach, chomh luath agus a chuaigh an ghairm sin amach, d’fhógair tráchtairí coimeádacha ‘frithfheachtas’, ag tathant ar a lucht leanúna siúd siopadóireacht a dhéanamh tí an Uasail Mackey agus fanacht dílis dó i gcónaí. **Buycott** a thugtar ar an gcleas áirithe seo. Tuairiscíodh sa *The Wall Street Journal* gur tháinig méadú ar dhíolacháin WFM de bharr na conspóide.

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1) Scrúdú samplach 2

F

Tá tráchtairí ann a mhaíonn nach bhfuil an baghcat ginearálta oiriúnach do ré seo na gcuideachtaí ilnáisiúnta. A fhianaise sin an feachtas i gcoinne vodca de dhéantús *Stolichnaya* mar agóid i gcoinne shárú chearta an phobail homaighnéasaigh sa Rúis. Níl aon ní ar chlár na cruinne chomh fíor-Rúiseach le vodca, nach fíor dom? Bhuel, is i bpoblacht neamhspleách na Laitvia a chuirtear an vodca seo i mbuidéil – buidéal ó oibreacha gloine sa Pholainn agus san Eastóin. Ní léir cén chaoi a mbeadh Rialtas Mhoscó thíos leis dá dtitfeadh an tóin as ceann de na fostóirí is mó sa Laitvia. Ar ndóigh, fiú dá mbeadh *Stolichnaya* ina chuideachta lán-Rúiseach, ní hiadsan atá ciontach as polasaí an Stáit.

G

Is í Mae McDonnell, Ollamh Cúnta le Bainistíocht Straitéiseach in Ollscoil Georgetown, a rinne an taighde is cuimsithí ar ‘an mbaghcat tráchtála’. Chíoraigh sí 221 feachtas a ritheadh idir 1990 agus 2005, féachaint cé chomh héifeachtach is a bhí siad. A breithiúnas: ba bheag feachtas a rinne damáiste don chuideachta ar fiú bheith ag caint air agus b’annamh a imríodh tionchar ar mheon ná ar iompar na gcuideachtaí ná na dtomhaltóirí. Níl a fhios agam cad é mar is féidir sin a réiteach le saothar taighde eile a rinneadh i Stáit Aontaithe Mheiriceá, a léirigh gur thit díolacháin fhíon na Fraince 26% sa bhliain 2003, tráth a bhí baghcat ar siúl ar earraí Francacha nuair nár thug an Fhrainc tacaíocht don chogadh san Iaráic. Ach is scéal thairis é sin, ar shlí. Dar liom, ní iarracht amú atá i bhfeachtas ar bith a chuireann ceisteanna áirithe i mbéal an phobail. Feachtas lochtach ba ea an baghcat ar vodca *Stolichnaya*, ach tharraing sé aird na meán agus na bpolaiteoirí ar cheist nach rabhthas ag cur puinn suime ann go dtí sin.

H

Dar liom go dteastaíonn sofaisticiúlacht i bhfeachtas den chineál seo. Ní leor a rá le daoine: ‘Déanann an chuideachta seo drochrudaí agus is drochdhuine tusa má cheannaíonn tú a cuid táirgí.’ Cuir i gcás go bhfuil siopa éadaí ann a bhfuil monarchana acu i dtír de chuid an Tríú Domhan, áit a ndéantar gach rud ar an bpingin is ísle. Seans go mbeadh ceann faoi ar dhaoine agus iad ag dul isteach sna siopaí sin ach is mothúchán diúltach í an chiontach; ní spreagann sí daoine chun gnímh. Caithfear a léiriú cén nasc atá idir an táirge a úsáid agus an éagóir a bhuanú: ‘Is féidir na héadaí seo a dhíol ar bheagán costais toisc go bhfuil dúshaothrú á dhéanamh ar pháistí beaga.’ Thar aon ní eile, bíodh rogha ann: ‘Seo liosta de shiopaí eile nach bhfuil an smál sin ar a gclú.’ Is ionann sin agus buntáiste iomaíochta a thabhairt do na cuideachtaí a leagann síos caighdeáin áirithe sna monarchana, agus níl cuideachta ar bith ar domhan atá beag beann ar iomaíocht.

Léamhthuiscint

Tá 40 nóiméad agat le **Ceist 3** agus **Ceist 4** a dhéanamh

Ceist 3

*Léigh na habairtí thíos. Roghnaigh **an abairt is oiriúnaí** (1-10) le cur i ngach bearna sa téacs. Tá dhá abairt ann nach mbainfidh tú úsáid astu. Anois, léigh an téacs ar an gcéad leathanach eile agus ansin scríobh an uimhir cheart i ngach bearna.*

1. Níl bun ná barr ar an achasán sin.
2. Tá difear lá agus oíche idir an dá rud.
3. Is é a locht a laghad.
4. Seans go mbeadh toradh níos fearr air sin ná ar a lán rudaí eile.
5. Ní inniu ná inné a thosaigh sin.
6. “Nach doiligh tusa a shásamh?” a deir tú.
7. Ní dhéanfar dearmad go deo air.
8. Is é oighear an scéil go bhfuil cuid den locht orainn féin.
9. Ní hé gur theip go huile is go hiomlán orainn.
10. B’iontach an spreagadh a bhí ann.

Scríobh d'uímhír scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 3 (Téacs)

16 / marc

Ceol ar an nua-nós...

Cá bhfuil amhránaithe popcheoil na Gaeilge? a fhiafraíonn Máirtín Ó Ceallaigh

B'fhéidir go gcuirfeadh sé iontas oraibh, a léitheoirí, má deirim libh nach 'fear mór Gaeilge' a bhí ionam i gcónaí. Agus mé i mo dhéagóir, ba chuma liom an Ghaeilge a bheith ann nó as. Ní hé nach raibh sí agam go paiteanta, a bhuíochas sin do mo thuismitheoirí agus do mhúinteoirí cráite na scoile; is é rud gur shíl mé gur beag baint a bhí aici liomsa. Naimhde na Gaeilge sna meáin chumarsáide (Agus, a Dhia, nach líonmhar iad!), cuireann siad 'seanaimsearthacht' i leith na teanga. Níl sa chultúr Gaelach, más fíor dóibh siúd, ach geansaithe Árann agus ceol caointe. Dearnadh coitianta é sin a chuireann isteach go mór ar lucht na Gaeilge. **(a)** _____ Is é an ceol traidisiúnta, cuir i gcás, an ceol cúlra ag gach ócáid Ghaeilge riamh. Cad chuige? Ní bheadh locht agat ar dhuine a déarfadh gur rogha idir dhá chultúr a bhíonn le déanamh ag daoine a chuireann dúil sa Ghaeilge: na cluichí Gaelacha ar thaobh amháin agus an sacar ar thaobh eile, mar shampla. Nuair a bhí mise óg, chonacthas dom go gcaithfinn rogha a dhéanamh idir an sean-nós agus an ceol traidisiúnta ar thaobh amháin agus an popcheol ar an taobh eile.

Níor rith sé liom gur féidir an dá thrá a fhreastal go dtí oíche chinniúnach sa bhliain 1982 nuair a chonaic mé an grúpa ceoil Conallach Clannad ar *Top of the Pops*, an clár popcheoil ba mhó le rá ar an teilifís san am. Bhí siad i ndiaidh uimhir 5 i gcairteanna na Breataine a bhaint amach le *Theme From Harry's Game* (amhrán Gaeilge, bíodh is go bhfuil teideal Béarla air). Féadaim a rá go ndeachaigh sin i bhfeidhm orm ar bhealach nach rachadh céad míle paimfléad faoi chúis na Gaeilge. **(b)** _____ Thuig mé den chéad uair gur uirlis atá sa teanga seo, agus go bhfuil cead ag daoine a rogha port a sheinm uirthi. Bhí mé i ndiaidh titim i ngrá leis an amhránaí mná chomh maith, ach fágfaimid siúd mar atá sé.

Cén scéal atá ann, mar sin, daichead bliain níos déanaí? Ba mhaith liom é a bheith le maíomh agam go bhfuil an popcheol Gaeilge go bríomhar beo. Monuar, ní hamhlaidh atá. **(c)** _____ Aon duine a chonaic IMLÉ ar stáitse, mar shampla, ní bheadh moill air a dheimhniú gur féidir leis an nuacheol Gaelach a bheith lán chomh corraitheach lena mhacasamhail i dteanga ar bith eile. **(d)** _____

Bunús na n-amhrán nuachumtha atá curtha ar fáil i nGaeilge, ní 'popcheol' sa chiall is cruinne iad. Is iomaí amhrán cliste, binn atá curtha ar an mhargadh ag John Spillane, cuir i gcás, ach ní éagóir ar an amhránaí breá sin a rá nach gcuirfeadh ceann ar bith acu fonn damhsa ar scata déagóirí. Scoth cumadóra atá i dTadhg Mac Dhonnagáin, ach is ar pháistí óga atá cuid mhór dá shaothar siúd dírithe le blianta anuas.

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1) Scrúdú samplach 2

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

I dtaca leis an phopcheol de, ach oiread lena lán gnéithe eile de shaol na Gaeilge, táimid ag brath barraíocht ar an aistriúchán. **(e)** _____ Fiú sna 1970idí, nuair a bhí féile ealaíon na n-óg 'Slógadh' i mbarr a réime, bhíodh Gaeilge á cur ar liricí Béarla agus amhráin mhóra de chuid The Beatles agus The Rolling Stones á gcanadh i nglan-Ghaeilge agus – an fhírinne choíche – Gaeilge nach raibh chomh glan sin ar fad. Dheamhan dochar sa mhéid sin, ach ní dóigh liom go maífeadh aon duine gurb ionann amhráin a aistriú agus traidisiún láidir cumadóireachta a bheith againn féin. **(f)** _____

Is iontach an rud é gur thairfead Mundy leagan Gaeilge de *Galway Girl* ar an albam *Ceol '08*, agus is iontaí fós mar a díoladh na mílte is na mílte cóip den albam sin. Fós féin, níl sa leagan Gaeilge ach macalla d'amhrán Béarla. **(g)** _____ Féach ógánaigh Choláiste Lurgan agus na físeáin snasta atá déanta acu dá leaganacha féin d'amhráin le Daft Punk agus DJ Avicii, físeáin a fuair na céadta míle amas ar YouTube. Nach comhartha beochta é sin? Ní shéanfainn choíche gurb ea, ach cá bhfuil na comórtais chun cumadóirí dár gcuid féin a spreagadh? Cá bhfuil na féilte agus na cláir raidió a thabharfadh ardán dá leithéid? Tugtar maoiniú agus deiseanna oiliúna do scríbhneoirí ficsin agus filíochta Gaeilge; nach mithid an tacaíocht chéanna a chur ar fáil don ógánach istigh ina sheomra leapa ag útamáil le giotár agus leabhar nótaí? **(h)** _____ Cá bhfios nach bhfuil siad amuigh ansin, áit éigin: Ó Leannáin agus Mac Cartaine dár gcuid féin?

Léamhthuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 4

Léigh na ceisteanna i gCuid A agus i gCuid B agus ansin léigh an litir chun freagraí na gceisteanna a aimsiú.

16 / marc

Cuid A

1. 'Tá eagla ar Labhrás nach bhfuil an saineolas cuí ag lucht eagraithe na féile.' An bhfuil an ráiteas sin:

- A. Fíor
B. Bréagach
C. Ní deirtear

2. Cén chúis *is mó* ar mian le Sorcha féile a reáchtáil i nDún Beag?

- A. Chun spiorad pobail a chothú.
B. Chun a chur i gcuimhne do dhaoine go bhfuil Gaeilge á labhairt ann.
C. Chun ioncam a chur ar fáil do lucht gnó an cheantair.

Fianaise:

3. Cén dearcadh atá ag Labhrás faoi lucht na hacadúlachta a bheith páirteach san fhéile?

- A. Síleann sé go mbeadh a gcuid léachtaí róthrom don ghnáthphobal.
B. Síleann sé nach nglacfaidís leis an gcuireadh.
C. Síleann sé go gcuirfeadh sé le stádas na féile.

Fianaise:

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1) Scrúdú samplach 2

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

4. Cén chomhairle atá ag Labhrás maidir le himeachtaí na féile?

- A. Rogha leathan imeachtaí a bheith ann.
- B. Fócas láidir a bheith ann.
- C. A bheith uaimhianach maidir leis na haíonna de.

Fianaise:

5. Cén dearcadh atá ag Labhrás maidir le polaiteoirí a bheith ar choiste na féile?

- A. Dar leis nár cheart iad a bheith ann ar chor ar bith.
- B. Dar leis go bhfuil sé de cheart ag ionadaithe pobail a bheith ann.
- C. Dar leis nach miste iad a bheith ann má choinnítear smacht orthu.

Fianaise:

6. 'Síleann Labhrás gur cheart an fhéile a reáchtáil le linn an tsamhraidh.' An bhfuil an ráiteas sin:

- A. Fíor
- B. Bréagach
- C. Ní deirtear

Fianaise:

Cuid B

Breathnaigh ar na focail sa liosta thíos agus aimsigh focail nó nathanna **sa téacs** a bhfuil an chiall chéanna acu.

1. tógáil croí: _____

2. abairt ghonta a chuireann dearcadh in iúl: _____

3. cáiliúil, i mbéal an phobail: _____

4. cead do chinn, saoirse iomlán: _____

Ceist 4 (Téacs)

A Shorcha, a chara,

Beatha agus sláinte chugat ó chathair Chorcaí! Tá lúcháir orm gur chuir tú litir chugam i dtaobh an chomhrá a bhí againn maidir le féile a eagrú i nDún Beag. Tá súil agam gur cabhair duit an litir seo agamsa, siúd is gur léachtóir Gaeilge mé a bhíonn ag plé le comhdhálacha léinn a eagrú, murab ionann agus féilte pobail. Tá meas as cuimse agam ar an obair atá ar siúl agatsa agus ag do chuid comhghleacaithe agus níl oiread na fríde d’amhras orm nach n-éireoidh libh féile den chéad scoth a chur ar fáil, is cuma cén chomhairle a chuirfeadh an saineolaí nó an t-aineolaí oraibh.

Más buan mo chuimhne ar ár gcomhrá deireanach, tá cuspóirí cinnte leagtha síos agat cheana. Ní beag sin. Cearn den Ghaeltacht is ea Dún Beag a bhfuil go leor daoine dall air agus is mithid sin a chur ina cheart. Ar éigean is gá a rá nach mbeadh doicheall roimh chuariteoirí ag muintir na dtithe lóistín agus na dtithe tábhairne i ndiaidh na bliana atá curtha isteach acu. An chruacheist: conas strainséirí a mhealladh agus fanacht dílis do bhunúdar na féile, de réir mar a thuigim é: bunadh na háite a dhéanamh rannpháirteach i dtionscadal a bhaineann go dlúth lena gceantar féin agus a bheidh ina ardú meanman acu. Is é atá uainn, mar sin, ná féile atá náisiúnta agus áitiúil in éineacht.

Ní gan dua a dhéanfar sin ach tá moladh nó dhó agam duit. A leithéid seo: seans gurb eol duit cheana go bhfuil ‘Bailiúchán na Scol’ á dhigitiú agus á chur ar fáil ar shuíomh gréasáin. Cnuasach mór béaloidis atá ann, a bhailigh páistí scoile thiar sna 1930idí. Cén fáth nach dtabharfadh sibh cuireadh do shaineolaí béaloidis labhairt faoin scéim náisiúnta agus réimse an bhailiúcháin a léiriú le samplaí a breacadh síos i do cheantar féin? ‘Náisiúnta’ agus ‘áitiúil’ – is maith an mana é. Ar ndóigh, tá urraim agus gradam ag baint le haíonna a bhfuil clú an léinn orthu, agus bheadh iontas orm mura ndéanfadh duine nó beirt acu an turas fada go Dún Beag. Cuimhnigh, i gcás léachtaí den chineál sin, an léann agus an siamsa a mheascadh. Ba dheas, mar shampla, páistí scoile an lae inniu a chur ag aithris sleachta ón mbailiúchán. Dúirt tú gur mian leat muintir na háite a mhealladh, agus cá bhfuil na tuismitheoirí nach mbeadh ag iarraidh a gcuid páistí a fheiceáil ar stáitse?

Níl seachtain a théann thart nach mbíonn scoil samhraidh nó scoil gheimhridh ar siúl áit éigin sa tír. Tá rogha millteanach leathan ann i dtaca le féilte de. An chuid is rathúla díobh, is de réir a chéile a d’fhás siad. Mholfainn daoibhse aithris air sin agus gan an clár a phlúchadh le seo agus siúd. Bíodh téama lárnach ann – ábhar éigin nach mbeidh faoi chaibidil ag ócáid ar bith eile le linn ‘shéasúr na scoileanna.’ Seachain agus gan dul thar bhur n-acmhainn agus sibh ag tabhairt cuireadh do chainteoirí, do cheoltóirí agus mar sin de. Is iad na daoine is iomráití a theastódh uaibh, ar ndóigh, ach ná bíodh bhur mála níos mó ná bhur soláthar.

Ceist 4 (Téacs ar lean)

An ndearna tú machnamh ar bith ar bhaill an Choiste Eagrúcháin? Ní raibh mé ar choiste riamh nach ndearna mionpholaiteoir éigin iarracht a chuid féin a dhéanamh de. Sin mar a bhíonn: an cat sa tóir ar luchóga agus an polaiteoir ag tarraingt uisce ar a mhuileann féin. Bheadh eagla ort nach tionscadal pobail ceart a bheadh ann dá mbeadh an coiste i lámha beirt nó triúr de ‘na boic mhóra’. Ar ndóigh, is é a déarfadh na boic chéanna leat ná gur léirigh an pobal a muinín iontu tráth a toghadh iad. Fútsa atá sé féachaint chuige gur coiste fíor-ionadaíoch a bheidh ann agus nach mbeidh rith an ráis ar fad ag na comhairleoirí áitiúla. Tá sé tábhachtach go mbraithfidh an gnáthphobal go bhfuil úinéireacht acu ar an bpróiseas planála agus réamhullmhúcháin.

Pointe eile: cén t-am den bhliain ab fhearr a d’oirfeadh dá leithéid seo d’fhéile? Am éigin sa tréimhse ó Bhealtaine go Lúnasa a rithfeadh le duine, ach deirtear liom gurb é sin ‘séasúr na bhféilte’ agus go mbeadh ‘Féile Dhún Beag’ ag teacht salach ar ócáid mór le rá áit éigin sa tír. Fós féin, is é an dreach tíre an cárta is láidre atá le himirt againn agus is beag rian de sin a bheidh le feiceáil trí cheobháisteach nó i ngearróga gairide an gheimhridh. ‘Iarthar na hÉireann atá ann,’ a déarfaidh tú liom, ‘agus ní féidir talamh slán a dhéanamh d’aimsir chineálta in am ar bith.’ Fút féin atá sé: níl imeacht ag an Éireannach ar fhearthainn is ar ghaoth, ach tá séasúir áirithe níos fliche ná a chéile!

Sin a bhfuil le rá agamsa don am i láthair. Ná bíodh faitíos ort dul i dteagmháil liom má ritheann ceist ar bith eile leat.

Slán is beannacht,
Labhrás